

# Bileog Fairtheora- Eanáir



← Coinnigh súil amach do fhéileacáin mar an Ruán Bheag seo, nó feithidí eile (m.sh. bóin Dé) a dhéanann codladh geimhridh i mbotháin agus i spásanna tirim fothainiúla eile. Seans go bhfaighfeá taobh istigh iad sa bhaile nó ar scoil fiú!

↓↓ Is **speicis choimhthíocha ionracha** iad ainmhithe, plandaí nó pataiginí nach bhfaigheadh go nádúrtha in Éirinn ach atá anseo mar gheall ar ghníomhaíocht dhaonna. Bíonn tionchar diúltach acu ar a dtimpeallacht nua. Tabhair cuairt ar [www.invasives.ie](http://www.invasives.ie) chun a fháil amach conas a láithreach a aithint agus a thuairisciú, agus chun a fháil amach cad iad na gníomhartha ba cheart a thógáil chun iad a chosc ó scaipeadh níos faide.



Is speiceas coimhthíoch ionrach é **plúr na gréine** atá éasca a aithint an t-am seo den bhliain nuair atá sé faoi bhláth.



Is furasta cinn síl clúmhach an **gabhrán** (ionrach freisin) a thabhairt faoi deara ag an am seo den bhliain nuair a bhíonn go leor plandaí eile lom.

Éin ceoil imirceacha- Ag an am seo den bhliain, seans go dtabharfaidh tú faoi deara ealtaí móra de speicis measctha Smólach ag tuirlingt agus ag cothú i bpáirceanna glasa agus i bpáirceanna sna bruachbhailte agus ceantair thuaithe i rith an lae. De ghnáth is éin iad na healtaí seo a thaistil ó áiteanna (níos fuaire!) i dTuaisceart na hEorpa, ar nós an Críoch Lochlann. Ina measc na healtaí seo bíonn speicis Smólach ar nós an Deargán Sneachta agus an Siocán Sneachta a dhéanann imirce anseo gach bliain ó Dheireadh Fómhair go Márta, chun leas a bhaint as na coinníollacha níos séimhe, níos fabhraí agus cothúla atá anseo in Éirinn le linn míonna an gheimhridh.



Deargán Sneachta

© [www.flickr.com/people/griangraf/](http://www.flickr.com/people/griangraf/)

An Siocán Sneachta

© [www.flickr.com/people/griangraf/](http://www.flickr.com/people/griangraf/)